2024/2368

10.10.2024

RÚN (AE) 2024/2368 Ó PHARLAIMINT NA hEORPA

an 11 Aibreán 2024

ina bhfuil barúlacha atá in gcuid dhílis den chinneadh maidir le hurscaoileadh i ndáil le cur chun feidhme bhuiséad Chomhghnóthas an Tionscnaimh um Shláinte Nuálach don bhliain airgeadais 2022

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA,

— ag féachaint dá cinneadh maidir le hurscaoileadh i leith chur chun feidhme bhuiséad Chomhghnóthas an Tionscnaimh um Shláinte Nuálach don bhliain airgeadais 2022,

— ag féachaint do Riail 100 agus d'Iarscríbhinn V dá Rialacha Nós Imeachta,

— ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Rialú Buiséadach (A9-0093/2024),

A. de bhrí go ndearnadh Comhghnóthas an Tionscnaimh um Shláinte Nuálach (IHI JU), atá lonnaithe sa Bhruiséil, a chur ar bun i mí na Samhna 2021 faoin gclár Fís Eorpach go ceann tréimhse dar críoch an 31 Nollaig 2031 ([1]); de bhrí gur tháinig Comhghnóthas an Tionscnaimh um Shláinte Nuálach (IHI JU) in ionad agus i gcomharbas ar an gComhghnóthas maidir leis an Tionscnamh um Míochaine Nuálaíoch a cuireadh ar bun i mí na Nollag 2007 faoin Seachtú Clár Réime um Thaighde (FP7) go ceann tréimhse deich mbliana ([2]) (IMI 1), agus ar leathnaíodh a thréimhse feidhmíochta i mí na Bealtaine 2014, faoi chlár Fís 2020, go ceann tréimhse go dtí an 31 Nollaig 2024 ([3]) (IMI 2);

B. de bhrí gur comhpháirtíocht phoiblí-phríobháideach atá i gComhghnóthas an Tionscnaimh um Shláinte Nuálach (IHI JU) a dhíríonn ar thaighde agus nuálaíocht sláinte atá idirdhisciplíneach, inbhuanaithe agus a thugann tús áite don othar; de bhrí gur na comhaltaí bunaidh ná an tAontas Eorpach, a ndéanann an Coimisiún ionadaíocht thar a cheann, agus na comhlachais tionscail Eorpacha seo a leanas: COCIR, Cónaidhm Eorpach na dTionscal agus na gComhlachas Cógaisíochta lena n-áirítear Vaccines Europe, EuropaBio, agus MedTech Europe;

C. de bhrí, chun trédhearcacht a mhéadú, ba cheart don Chomhghnóthas faisnéis ábhartha maidir le ranníocaíochtaí na gcomhaltaí ar leibhéal an chláir a nochtadh ina chuntais bhliantúla; de bhrí, le haghaidh gach clár a bhfuil siad ag oibriú fúthu, ba cheart don Chomhghnóthas gach faisnéis ábhartha, lena n-áirítear na spriocanna dlíthiúla do na ranníocaíochtaí atá socraithe don chlár ar leith, méid na ranníocaíochtaí atá faighte agus méid na ngealltanas dlíthiúil, a chur i láthair in aghaidh na ballchatagóire suas go dtí deireadh na bliana; de bhrí gur cheart don Chomhghnóthas leanúint d'fheabhas a chur ar thrédhearcacht;

Bainistiú buiséadach agus airgeadais

1. ag tabhairt dá haire, de réir tuarascála ón gCúirt Iniúchóirí ('tuarascáil ón gCúirt'), go gcuirtear i láthair go cothrom i gcuntais Chomhghnóthas IHI don bhliain airgeadais dar críoch an 31 Nollaig 2022, ar gach slí ábharach, staid airgeadais Chomhghnóthais IHI an 31 Nollaig 2022, torthaí a chuid oibríochtaí, a shreafaí airgid thirim, agus na hathruithe ar ghlansócmhainní don bhliain a tháinig chun deiridh ansin, i gcomhréir lena Rialachán Airgeadais agus le rialacha cuntasaíochta arna nglacadh ag oifigeach cuntasaíochta an Choimisiúin; ag tabhairt chun suntais, sa bhreis air sin, de réir na tuarascála ón gCúirt, gur idirbhearta dlíthiúla agus rialta iad, ar gach slí ábharach, na idirbhearta is bonn leis na cuntais;

2. á chur in iúl gur geal léi ról Chomhghnóthas IHI maidir le taighde agus nuálaíocht sláinte a chlaochlú ina thairbhí inláimhsithe do shaoránaigh an Aontais;

3. ag tabhairt dá haire gur an buiséad a bhí ar fáil do Chomhghnóthas IHI in 2022 ([4]) ná EUR 272,4 milliún i leithreasuithe faoi chomhair gealltanas (EUR 11,0 milliún in 2021) agus EUR 174,8 milliún i leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí (EUR 210,4 in 2021);

4. ag tabhairt dá haire gur shroich feidhmiú buiséid na leithreasaí faoi chomhair gealltanas agus na leithreasaí faoi chomhair íocaíocht 96,60 % (75,91 % in 2021) agus 86,25 % (95,39 % in 2021) faoi seach;

([1]) Rialachán (AE) 2021/2085 an 19 Samhain 2021 ón gComhairle lena mbunaítear na Comhghnóthais faoi Fís Eorpach (IO L 427, 30.11.2021, lch. 17).

([2]) Rialachán (CE) Uimh. 73/2008 an 20 Nollaig 2007 ón gComhairle lena gcuirtear ar bun an Comhghnóthas maidir leis an Tionscnamh Comhpháirteach Teicneolaíochta um Chógais Leighis Nuálacha a chur chun feidhme (IO L 30, 4.2.2008, lch. 38).

([3]) Rialachán (AE) Uimh. 557/2014 an 6 Bealtaine 2014 ón gComhairle lena mbunaítear an Comhghnóthas um an Tionscnamh Leigheasra Nuálaigh 2 (IO L 169, 7.6.2014, lch. 54).

([4]) Cuirtear leithreasuithe ó bhlianta roimhe sin nár úsáideadh, a chuir an Comhghnóthas IHI isteach sa bhuiséad arís don bhliain reatha, ioncaim shannta agus ath-chionrannta ar an mbliain dár gcionn san áireamh sa bhuiséad atá ar fáil.

5. ag tabhairt dá haire go bhfuil na hathruithe i méid bhuiséad Chomhghnóthas IHI, ag brath go mór ar chéim chur chun feidhme na gclár ilbhliantúil taighde agus nuálaíochta. ag tabhairt dá haire gur thosaigh Comhghnóthas IHI, in 2022, le cur chun feidhme an chláir Fís Eorpach, agus dá bhrí sin, áirítear i mbuiséad 2022 an buiséad gealltanais do na chéad ghlaonna de chuid Fís Eorpach atá beartaithe do 2022;

6. ag tabhairt dá haire go bhfuil difear suntasach ó bhallchatagóir go chéile i gcuntais bhliantúla 2022 ón gComhghnóthas IHI (AE agus comhaltaí príobháideacha) i méideanna na ranníocaíochtaí atá aitheanta in aghaidh na ballchatagóire; ag tabhairt dá haire gurb amhlaidh sin toisc go ndéantar ranníocaíochtaí airgid an Aontais a bhailíochtú agus a aithint nuair a íoctar leis an gComhghnóthas iad ag tús chur chun feidhme an tionscadail, ach nach ndéantar ranníocaíochtaí comhchineáil na gcomhaltaí a aithint go dtí tar éis do na costais atá tabhaithe agus dearbhaithe do chur chun feidhme an tionscadail a bheith bailíochtaithe; á iarraidh ar Chomhghnóthas IHI aghaidh a thabhairt ar an mbearna idir méid na ranníocaíochtaí airgid a bhí aitheanta, ar lámh amháin, agus méid na ranníocaíochtaí comhchineáil, ar an lámh eile, trí fhaisnéis faoi ghealltanais dhlíthiúla chomhaltaí an Chomhghnóthais ag deireadh na bliana ó thaobh comhaontuithe deontais agus conarthaí sínithe de;

7. ag tabhairt dá haire nach bhfuil cur chun feidhme an chláir FP7 ([5]) tugtha chun críche fós ag Comhghnóthas IHI;

8. ag tabhairt dá haire, ina leith sin, ag deireadh 2022, go raibh na ranníocaíochtaí uasta oibríochtúla AE de EUR 966 mhilliún le haghaidh comhaontuithe deontais a bhí sínithe faoin gclár sin geallta go hiomlán ag Comhghnóthas IHI; ag tabhairt dá haire, deich mbliana i ndiaidh chlár FP7, go bhfuil thart ar EUR 44,9 milliún (nó 5 %) fós le híoc i gcomhair tionscadail atá fós le críochnú; ag tabhairt dá haire gurb ionann an bhearna sin agus 5 thionscadal a dhéanann taighde ar fhrithsheasmhacht in aghaidh ábhair fhrithmhiocróbacha (AMR); ag tabhairt dá haire, thairis sin, go bhfuil a gcuid gníomhaíochtaí curtha i gcrích ag 2 cheann de na tionscadail sin faoi dheireadh 2022; á aithint gur réimse dúshlánach taighde é AMR agus gur mór aici an luach eolaíoch agus sochaíoch a bhaineann le cur chuige nua a mhaoiniú chun frithsheasmhacht in aghaidh antaibheathach a chomhrac;

9. ag tabhairt dá haire, thairis sin, go raibh gealltanas dlíthiúil déanta ag na comhaltaí príobháideacha go ndéanfaidís ranníocaíochtaí comhchineáil de EUR 914,2 milliún nó 94,6 % den sprioc íosta oibríochtúil de EUR 966 mhilliún agus, as an méid geallta sin, bhí EUR 831,9 milliún (nó 86 % den sprioc) tuairiscithe acu ag deireadh 2022;

10. ag tabhairt dá haire, maidir le Fís 2020, go bhfuil gealltanais dhlíthiúla na gcomhaltaí ag leibhéal a gcuid spriocanna ranníocaíochta;

11. ag tabhairt dá haire, ina leith sin, ag deireadh 2022, go raibh EUR 1 452,1 milliún (nó 91 %) de ranníocaíocht uasta an Aontais de EUR 1 595,4 milliún geallta ag Comhghnóthas IHI do chomhaontuithe deontais sínithe faoi chlár Fís 2020; ag tabhairt dá haire, ina theannta sin, as an méid geallta sin, go bhfuil thart ar EUR 484,8 milliún (nó 33,4 %) fós le híoc sna blianta amach romhainn do thionscadail atá fós le tabhairt chun críche; ag tabhairt dá haire, thairis sin, go raibh gealltanas dlíthiúil déanta ag na comhaltaí príobháideacha agus na comhpháirtithe comhlachaithe go ndéanfaidís ranníocaíochtaí comhchineáil de EUR 1 499,4 milliún (nó 94 %) den sprioc íosta de EUR 1 595,4 milliún agus, as an méid geallta sin, bhí EUR 1 078,9 milliún (nó 67,6 % den sprioc) tuairiscithe acu ag deireadh 2022;

12. Ag tabhairt dá haire, dar le Comhghnóthas IHI, gurb í an chúis go pointe áirithe a bhí leis na rátaí ísle gnóthachain ná go raibh ré fhada ag gabháil leis na tionscadail mar gheall ar nádúr an réimse taighde atá sonrach do Chomhghnóthas IHI agus scála mór na gcuibhreannas domhanda atá ag cur na dtionscadal chun feidhme;

13. ag tabhairt dá haire, i gcás gníomhaíochtaí faoi Fís 2020, nach bhfuair Comhghnóthas IHI leithreasuithe oibríochtúla nua faoi chomhair gealltanas toisc go raibh an glao deiridh ar thograí curtha i gcrích ag an gComhghnóthas faoi dheireadh 2020; ag tabhairt dá haire go raibh an ráta cur chun feidhme do na leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí le haghaidh cúrsaí oibríochtúla ag 87 % (96 % in 2021);

14. ag aontú leis an gCúirt gur cheart do Chomhghnóthas IHI plean gníomhaíochta amsceidealaithe a bhunú chun cur chun feidhme na dtionscadal a formheasadh faoi Chreataí Airgeadais Ilbhliantúla roimhe seo a thabhairt chun críche;

15. ag tabhairt dá haire, maidir le cur chun feidhme an chláir Fís Eorpach, in 2022, nach ndearna an Coimisiún ach ranníocaíochtaí airgid de EUR 1,4 milliún le costais riaracháin Chomhghnóthas IHI; ag tabhairt dá haire nár iarr Comhghnóthas IHI ranníocaíochtaí airgid dá ghníomhaíochtaí faoi Fís Eorpach, mar nach mbeidh an chéad dá ghlao a seoladh in 2022 faoi Fís Eorpach críochnaithe go dtí 2023;

([5]) An Seachtú Clár Réime um Thaighde agus um Fhorbairt Theicneolaíoch (2007-2013).

16. ag tabhairt dá haire, ó Thuarascáil Bhliantúil Chorparáideach ar Ghníomhaíochtaí 2022, gur fheidhmigh Comhghnóthas IHI go maith i gcoinne fhormhór phríomhtháscairí feidhmíochta IMI2, ar táscairí iad a sháraíonn na spriocanna bunaithe go minic; á chur in iúl gur geal léi, go háirithe, go bhfuil 24 nós imeachta rialála curtha i gcrích ag tionscadail Chomhghnóthas IHI arna gcistiú faoi IMI2, lena n-áirítear 2 litir tacaíochta rialála, 10 dtuairim cháilithe rialála, 2 aighneacht le haghaidh tuairime maidir le cáilíocht agus an t-áireamh i 6 threoirlíne rialála;

17. ag tabhairt dá haire, agus é ina dhíol sásaimh di, go ndearna sciar 58,3 % (os cionn na sprice 50 %) de thionscadail Chomhghnóthas IHI arna gcistiú faoi IMI2 a n-acmhainní agus a n-aschur a rochtain lasmuigh de chomhpháirtithe na gcuibhreannas; ag tabhairt chun suntais samplaí amhail leabharlann na gcomhdhúl ceimiceach, an Bailiúchán Eorpach Cumaisc, arna bhunú ag tionscadal ESCulab, ardán sonraí foinse oscailte RADAR-CNS arna fhorbairt ag RADAR-CNS, an líonra sonraí cónasctha Eorpach, arna bhunú ag tionscadal EHDEN, nó bithbhainc féinchothaitheach gascheall ilchéatasach arna sholáthar ag EBiSC2;

18. á chur in iúl gur geal léi go bhfuil comhúdair ó earnálacha éagsúla ag thart ar 67 % de na páipéir arna dtáirgeadh ag na tionscadail arna gcistiú ag an gComhghnóthas, rud a léiríonn cineál trasdisciplíneach an taighde agus cur chuige comhoibríoch a chuid tionscadal;

Soláthar agus foireann

19. ag tabhairt dá haire gur tugadh an chuid is mó de ghealltanais chonarthacha Chomhghnóthas IHI in 2022 i gcrích ar bhonn creatchonarthaí ilbhliantúla a bhí ann cheana (FWCanna); ag tabhairt dá haire, ina theannta sin, ó thaobh méide de, gur baineadh úsáid as FWCanna i réimse TF, na n-acmhainní daonna, agus na seirbhísí iniúchóireachta den chuid is mó; á chur in iúl gur geal léi gur creatchonarthaí idirinstitiúideacha iad roinnt de na creatchonarthaí, lena n-íoslaghdaítear an t-ualach riaracháin agus lena n-áirithítear barainneachtaí scála;

20. ag tabhairt dá haire, ón Tuarascáil bhliantúil chomhdhlúite ar ghníomhaíochtaí 2022 ([6]), gur sheol Comhghnóthas IHI dhá nós imeachta tairisceana ([7]) in 2022 lasmuigh de na FWCanna a bhí ann cheana le luach níos mó ná EUR 15 000;

21. á chur in iúl gur geal léi go ndearnadh na nósanna imeachta uile a riar i gcomhréir le Rialacha Airgeadais Comhghnóthais IHI agus leis an Rialachán Airgeadais chun iomaíocht chóir i measc na n-oibreoirí eacnamaíocha, agus an úsáid is fónta agus is éifeachtaí de chistí Comhghnóthais IHI a áirithiú;

22. ag tabhairt dá haire go gceadaítear leis an bplean bunaíochta foirne (SEP) 39 ngníomhaire shealadacha, 15 ghníomhaire ar conradh agus 1 shaineolaí náisiúnta ar iasacht (SNE), 55 bhall foirne san iomlán; ag tabhairt dá haire go raibh 49 nduine i bpoist an 31 Nollaig 2022: 36 as 39 ngníomhaire shealadacha (92,30 %), 11 as 15 ghníomhaire ar conradh (73,30 %) agus 0 as 1 shaineolaí náisiúnta ar iasacht (0 %);

23. ag tabhairt dá haire, maidir le cothromaíocht inscne agus cothromaíocht gheografach, gur mná iad thart ar 65 % den fhoireann agus gur fir iad thart ar 35 % díobh, ag teacht ó 15 náisiúntacht éagsúla i gComhghnóthas IHI an 31 Nollaig 2022;

Córais bhainistíochta agus rialaithe

24. ag tabhairt dá haire, i gcás an chaiteachais faoi FP7, go ndearna Comhghnóthas IHI iniúchtaí *ex post*, agus i gcás an chaiteachais faoi Fís 2020 agus Fís Eorpach, go raibh an Chomhsheirbhís Iniúchóireachta de chuid AS RTD sa Choimisiún freagrach as na hiniúchtaí *ex post*;

25. ag tabhairt dá haire gur thuairiscigh Comhghnóthas IHI go raibh ráta earráide ionadaíoch de 2,1 % agus ráta earráidí iarmharacha de 0,8 % ann dá chaiteachas faoi FP7, agus ráta earráide ionadaíoch de 2,7 % agus ráta earráidí iarmharacha de 0,9 % ann dá chaiteachas faoi Fís 2020 (imréitigh agus íocaíochtaí deiridh) ([8]);

26. ag tabhairt dá haire, i gcás an chláir Fís Eorpach, go bhfuil iniúchtaí *ex post* fós le déanamh mar nach bhfuiltear ag dréim leis go mbeidh na chéad íocaíochtaí eatramhacha déanta go dtí 2024;

([6]) https://www.ihi.europa.eu/sites/default/files/uploads/Documents/About/Reports/IHI_CAAR_2022.pdf.
([7]) Troscán oifige – EUR 24 453,65 agus Straitéis cumarsáide – EUR 15 950,00.
([8]) Tuarascáil Bhliantúil maidir le Gníomhaíochtaí 2022 (Comhdhlúite) ó Chomhghnóthas IHI, caibidil 4.1.1.

27. ag tabhairt dá haire, chun na rialuithe ar íocaíochtaí oibríochtúla Chomhghnóthas IHI a mheasúnú, go ndearna an Chúirt iniúchóireacht ar shampla randamach d'íocaíochtaí Fís 2020 a rinneadh in 2022, ar leibhéal na dtairbhithe deiridh ([9]); ag tabhairt dá haire nár aimsigh an Chúirt aon earráidí ná aon laigí rialaithe maidir le tairbhithe Chomhghnóthas IHI a sampláladh;

28. á chur in iúl gur geal léi, ag deireadh 2022, go raibh cur chuige iomlán rioscabhunaithe i leith rialuithe *ex ante* forbartha agus curtha chun feidhme ag Comhghnóthas IHI i gcomhréir le treoraíocht ón gComhionad Cur Chun Feidhme, agus inar cuireadh san áireamh na himthosca riosca a bhaineann go sonrach le Comhghnóthas IHI; ag tabhairt dá haire, chuige sin, go ndearna Comhghnóthas IHI na critéir riosca ab ábhartha a shainaithint agus, bunaithe orthu sin, gur dhear sé cur chuige faireacháin rioscabhunaithe; ag tabhairt dá haire, le cur chuige den sórt sin, go raibh Comhghnóthas IHI in ann measúnú a dhéanamh ar an leibhéal riosca do gach aon tionscadal agus tairbhí le linn na bpríomhchéimeanna de chur chun feidhme tionscadail, amhail ullmhú do chomhaontú deontais, leasú ar chomhaontú deontais, tuairisciú agus íocaíocht;

29. ag tabhairt dá haire, ina leith sin, go ndearna Comhghnóthas IHI treoirlínte inmheánacha maidir lena chur chuige rioscabhunaithe a tharraingt suas freisin agus gur chuir sé oiliúint ar a fhoireann, chomh maith le treoir a thabhairt dóibh, faoin gcaoi cheart lena n-úsáid agus faoina gcur chun feidhme ar bhonn comhsheasmhach;

30. ag tabhairt dá haire, agus é ina dhíol sásaimh di go ndearna Comhghnóthas IHI cur chuige rioscabhunaithe a fhorbairt ar na hiniúchtaí *ex post* leis an sprioc a ráta earráide a laghdú trí spriocshamplaí níos fearr a úsáid chun na tairbhithe is mó tugtha d'earráidí a bhrath, rud a neartaíonn éifeacht ghlantacháin a iniúchtaí *ex post*. Is athrú dearfach tábhachtach é seo i gcur chuige an iniúchta *ex post* toisc nach gceadaíonn creat rialaithe inmheánaigh an Choimisiúin do dheontais de chuid Fís Eorpach do shamplaí ionadaíocha a bhaineann go sonrach le comhghnóthais a bhunú agus dá réir sin, chun rátaí earráide ionadaíocha agus iarmharacha a bhaineann go sonrach le comhghnóthais a ríomh;

31. ag tabhairt dá haire gur aimsigh an Chúirt i gcás comhghnóthas a bhfuil cur chuige iniúchóireachta *ex post* rioscabhunaithe dea-fhorbartha acu go bhfuil ráta earráidí iarmharacha atá faoin meán atá ann do na comhghnóthais nach bhfuil cur chuige den sórt sin acu mar gheall go bhfuil na tairbhithe is rioscúla á sainaithint go córasach agus go bhfuil iniúchóireacht á déanamh orthu;

Obair leantach ar bharúlacha ó bhlianta roimhe seo

32. ag tabhairt dá haire gur 'moltaí gan fráma ama' ón gCúirt iad na 'barúlacha' i dtuarascálacha bliantúla sonracha Chomhghnóthais IHI; ag tabhairt dá haire go ndéanann CIE obair leantach ar bhonn bliantúil ar na barúlacha sin trí mheasúnú a dhéanamh ar a stádas mar stádas 'oscailte' nó 'dúnta';

33. á chur in iúl gur geal léi go bhfuil gníomhaíocht cheartaitheach déanta ag Comhghnóthas IHI chun aghaidh a thabhairt ar an mbarúil ón gCúirt in 2021 maidir le cuid de ranníocaíochtaí an fhostóra le scéim pinsin an Aontais;

([9]) I gcás na n-idirbheart íocaíochta deontais a tástáladh ar leibhéal na dtairbhithe, is é 1 % de na costais faoi iniúchóireacht an tairseach thuairiscithe d'earráidí inchainníochtaithe.